

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Halla Na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Dé Máirt,
2 Nollaig 2008



CLÁR

09.30 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11.00 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltáí scoile

11.45 Cur i láthair ó Institiúidí Oideachais Tríú Leibhéal

12.30 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin

13.30 Críoch

Róisín Ní Eadhra, Cathaoirleach

Rugadh agus tógadh Róisín ar an gCeathrú Rua i gConamara. D'fhreastail sí ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) áit ar bhain sí céim onórach BA in Iriseoireacht amach i 1997. I rith a cuid ama san Ollscoil, bhí sí ag obair mar láithreoir nuachta le RTÉ.

I 1997 thosaigh Róisín ag obair le Nuacht TnaG/TG4 agus RTÉ, áit a raibh sí ag obair mar iriseoir agus láithreoir nuachta don tseirbhís Gaeilge agus Béarla go dtí 2003 nuair a ghlac sí post mar iriseoir le Léargas/Clár Gaeilge in RTÉ. Ó 2005, tá Róisín ag obair mar iriseoir lán-aimseartha i seomra na nuachta in RTÉ, ar ghné scéalta go háirid don chlár Nationwide.


Bláthnaid Ní Dhonnchadha

Rugadh agus tógadh Bláthnaid Ní Dhonnchadha in Inis, Co. an Chláir. D'fhoghlaim sí a cuid Gaeilge ar scoil, d'fhreastail sí ar Ghaelscoil agus Gaelcholáiste. Tar éis di scrúdú na hArdeistiméireachta a dhéanamh bhog sí go dtí cathair Chorcaí chun céim a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Cheol in Ollscoil Chorcaí.

Bhain sí Ard-Diplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach amach le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá sí ag obair le cúrsaí teilifíse ó 2005. Cuireann Bláthnaid an clár Paisean Faisean i láthair ar TG4.

Meadhb Ní Eadhra

Tá cónaí ar Mheadhbh Ní Eadhra ar an Spidéal, i gCo. na Gaillimhe. Is iníon léinn í in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. D'ainneoin a hóige, is scríbhneoir cumasach aitheanta í Meadhbh cheana féin. Tá sí ag scríobh don nuachtán Lá Nua ón mbliain 2003 agus is colúnaí rialta leis an bhfoilseachán sin anois í. Bíonn sí i mbun iriseoireachta leis an nuachtán Domhnaigh *Foinse* chomh maith agus idir ghné-altanna, scéalta nuachta agus léirmheasanna á scríobh air sin aici. Foilsíodh an chéad úrscéal léi, mar atá *Rua*, i 2003.



Muiris Ó Fiannachta

Is as Cill Droichid i gCo. Chill Dara do Mhuiris Ó Fiannachta. D'fhreastail sé ar bhunscoil lán-Ghaeilge Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh i Léim an Bhradáin agus ar mheánscoil Béarla Salesian College i gCill Droichid..

Ghnóthaigh sé céim B.A. Idirnáisiúnta (Céad Onóracha) sa Nua-Ghaeilge agus sa Spáinnis ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad i 2004 agus tá sé ag obair go lánaimseartha sna meáin chumarsáide ó thús 2005. Tá sé mar Bhainisteoir Stáisiúin ar Raidió na Life ó mhí Mheán Fómhair 2007.




Gemma Ní Chionnaith

Is as Indreabhán i gContae na Gaillimhe do Gemma agus tá sí ag craoladh le beagnach ceithre bliana anuas le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Cuireann Gemma an clár 'Géill Slí' i lathair, is clár ceoil agus cainte é seo do dhaoine óga agus bíonn Gemma le cloisteáil ó Mháirt go Aoine, 21.00 - 23.00 ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Is breá le Gemma a bheith ag cur an clár 'Géill Slí' i lathair mar go dtugann sé seo deis iontach di láithriú i nGaeilge agus ceol i mBéarla agus Gaeilge a chur amach ar an aer don lucht éisteachta. Cuireann Gemma an clár 'Glas Vegas' i lathair ar TG4.



Clíodhna Ní Chiosáin

Is í Clíodhna Ní Chiosáin réalt an chláir 'Aifric', clár teilifíse atá dírithe ar dhaoine óga a chraoltar ar an stáisiún lán-Ghaeilge TG4. As Leamhcán i gContae Átha Cliath do Chlíodhna, is é Aifric an chéad phost aisteoireachta a ghlac sí riamh. Is Gaeilgeoirí iad a thuismitheoirí, a h-athair Éamon Ó Ciosáin atá ina léachtóir le Francis in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus tá a máthair Anne ina stiúrthóir ar an teangalann i Má Nuad.

Taobh amuigh den aisteoireacht, cuireann sí seó raidió seachtainiúil darbh ainm Speig Neanta i lathair ar Raidió na Life i mBaile Átha Cliath.



Síne Nic an Ailí

Is as Baile na Manach, Baile Átha Cliath do Síne. D'fhreastail Síne ar Choláiste Íosagáin agus ina dhiaidh sin ar Ollscoil Luimnigh, áit ar bhain sí céim amach sa Léann Éireannach.

Bhí sí mar Oifigeach Gaeilge de chuid Aontas na Mac Léinn ann agus d'oibrigh sí le hAonad na Gaeilge san Ollscoil. Tá sí an-bainteach le Raidió Rí-Rá, an chéad stáisiún raidió Gaeilge do dhaoine óga a bunaíodh go luath i 2008.



Aonghus Dwane

Is as Corcaigh ó dhúchas d'Aonghus, agus bhí sé ag obair roimhe seo le Colmcille (Éireann agus Albain), agus le hÁras Éanna ar Inis Oírr. Le déanaí Ceapadh Aonghus mar Oifigeach Gaeilge nua ag Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Bíonn sé i bhfeighil riachtanais an Achta Teanga 2003 a chomhlíonadh ó thaobh an Choláiste de, agus as scéim faoin Acht a h-ullmhú.



Sinéad Ní Loideáin

Is ón gCeathrú Rua do Shinéad Ní Loideáin agus í ag obair anois le TG4 le seacht mbliana anuas. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus bhain céim amach sa Socheolaíocht, Polaitíocht agus sa Ghaeilge. Is ansin a shocraigh sí tabhairt faoin Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach. Fuair sí taithe oibre in TG4 dhá bharr agus thosaigh ag traenáil le cúrsaí láithreachais.

Tá réimse éagsúil cláir déanta aici ó shin; Féilte, Pop 4, Deis Roc agus Cúla 4 ina measc agus freisin í mar aoi speisialta ar roinnt cláir eile. Is láithreoir aimsire lán-aimseartha í faoi láthair in TG4.



AN fáinne

Léirigh do nasc leis an nGaeilge

*aontacht
leanúnachas
comhlántacht
sioraíocht*

*Ceannaigh An Fáinne ar
www.fainne.ie*



Comhdháil
Náisiúnta
na Gaeilge

